Leanfaidh na Gaeil leis an troid faoi dhlí frithGhaelach

‘Tá muid meallta, ach níl iontas orainn. Agus ní seo deireadh an scéil, ach an oiread. Beidh muid ag glacadh comhairle ar an chéad chéim eile anois agus ní stopfaidh muid go bhfuil aisghairm déanta ar an Acht 1737 um Riar na Córa (Teanga)(Éirinn),’ sin a dúirt Janet Muller, príomhfheidhmeannach POBAL, maidir leis an chinneadh a fógraíodh san Ard Chúirt i mBéal Feirste inniu, nach mbeidh ar Westminster an tAcht, a choisceann úsáid na Gaeilge sna cúirteanna i dTÉ, a aisghairm.

Dúirt Janet Muller, ‘Cruthaíonn cinneadh an lae inniu an géarghá atá le hAcht na Gaeilge, le cearta na nGael a chosaint mar ba chóir. Léiríonn an méid atá ráite ag an bhreitheamh, Séamus Treasaigh inniu nach féidir le pobal na Gaeilge cothrom na Féinne a fháil faoin dlí mar atá sé faoi láthair. Ní leor Comhaontú Aoine an Chéasta, ní leor Acht um Chearta Daonna, ní leor Cairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnda nó Mionlaigh. Mar sin, is léir go bhfuil Acht na Gaeilge uainn.

‘Is dlí frith-ghealach é, Acht 1737 um Riar na Córa (Teanga)(Éirinn). Is í an Ghaeilge an t-aon teanga amháin sa tuaisceart a thagann faoi thionchar an choisc seo. Déantar freastal ar theangacha mionlacha eitneacha ar bhonn laethúil i gcúirteanna Thuaisceart na hÉireann, rud is ceart agus cóir. Tá sé suntasach go bhfuil cosaint chomh fíochmhar seo déanta ag rialtas na Breataine ar dhlí seanaimseartha éagórach a imríonn leatrom ar an teanga Ghaeilge agus ar Ghaeilgeoirí. Sa Bhreatain Bheag, tá an ceart ag Breatnaiseoirí an Bhreatnais a úsáid in imeachtaí gach cineál cúirte ó 1942. In Albain, tá roinnt cúirteanna ann ina gcluintear an Ghàidhlig ar bhonn laethúil má iarrtar í. Léiríonn an cás seo go bhfuil Rialtas na Breataine arís eile ciontach i bhfeidhmiú caighdeán dúbailte ar úsáideoirí na dteangacha éagsúla dúchasacha ar na hoileáin seo. Thaispeáin cuid den fhianaise a cuireadh i láthair na cúirte go bhfuil aitheanta ag Rialtas na Breataine roinnt uaireanta le blianta beaga anuas go gcaithfidh sé an dlí seo a aisghairm. Tá roinnt pleanála tosaigh-stad do sheirbhísí i nGaeilge sna cúirteanna déanta aige le tréimhse de bhlianta gan a chuid torthaí féin riamh a chur i bhfeidhm. Is mithid stad de bheith ár gcur go bun na foighne agus Acht 1737 a aisghairm. Caithfidh sé ansin lánchosaintí dlíthiúla a chur in áit don Ghaeilge sa tuaisceart le creatlach a fhorbairt d’úsáid na Gaeilge i gcúrsaí uile na beatha, na cúirteanna san áireamh.’

An bhliain seo caite, thacaigh POBAL le Caoimhín Mac Giolla Chatháin, Gaeilgeoir ó Ghaeltacht Bhóthar Seoigh leis an Athbhreithniú Breithiúnach á ghlacadh. D’ullmhaigh Janet Muller agus roinnt saineolaithe teanga agus stair eile mionscríbhinní a chuimseodh san fhianaise ag iarraidh deireadh a chur le cosc 271 bliain ar an Ghaeilge.

Dúirt Nic Sadlier, Oifigeach Forbartha le POBAL, ‘Aithníonn Rialtas na Breataine agus OTÉ go sáraíonn feidhmiú leanúnach Acht 1737 a gcuid molta féin faoi ghealltanais an Athbhreithniú Cheartais Choiriúil a rinne siad ocht mbliana ó shin. Le déanaí, nuair a chuir siad i láthair an dara páipéar comhairliúcháin ar an Acht Gaeilge molta a gealladh ag Cill Rímhinn, d’admhaigh siad go gcaithfeadh Acht 1737 imeacht. Is mithid anois gníomhú ar an ghealltanas sin agus beidh muid anois ag glacadh chomhairle dlí faoin chéad chéim eile atá le glacadh ar an cheist seo.’

Tuilleadh eolais: Janet Muller 077 13 630325 nó Nic Sadlier 028 90 438132